Tearc agam adhbhar gáire

[S. H. O Grady: *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Museum*, Mss. Egerton 111, vol. 1, pp 346-7]

1 Terc agam adbar gáire
m'uabar gá mó mínáire;
ciall mo gháiri ní léir linn
mo sgáili féin dá bfaicinn.

2 Senphecad ár sinser féin
dár gcloinn más oigrecht eséin;
ár ngáirene is cás dár gcloinn
's in bás dáirithe agoinn.

3 Tánac ar tús nír tonn ghlan
am chaob chró a corp mo máthar;
am chaob chriadh fá deired dam
ag triall fá teimel talman.

4 Ticfa in bás is bert deimhin
cás nach éidir d'fóireighin;
sé ní fhedar cá tráth tic
egal do chách nach creidit.

5 Ullmaigthe in uamh fám comair
lá in báis is bert do comaill;
ní cúis uabair a dé dam
mé sin uamhaid am aonar.

6 Cúis mímhenma as mó iná sin
d'éis mo báis is bert doilid;
gá hinad an adba glan
spirad m'anma ní fhedar.

7 D'énní dá tucas mo thoil
dá lenainn lorg mo leboir;
nír dligh mé méid mo muirni
féch a dé ár ndecuirni.